

Nuashonruithe
Pobail BusConnects

# Scéim CBC Ghleann na Life go Lár na Cathrach

## An obair thógála ar BusConnects le tosú in 2025

Is tionscadal a rachaidh i bhfeidhm ar an gcathair é BusConnects lena gcuirfear feabhas suntasach ar bhonneagar iompair phoiblí, lena laghdófar amanna taistil agus lena gcuirfear feabhas ar bhonneagar rothaíochta agus coisithe ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Cuirfear tús leis an obair thógála ar an tionscadal an Samhradh seo, leis an Scéim ó Ghleann na Life go Lár na Cathrach, agus é deimhnithe anois gurb é GMC Utilities Group an conraitheoir tógála.

Ag cuimsiú 9.2 gciliméadar ar fad, tá céim thógála Scéim Ghleann na Life go Lár na Cathrach beartaithe le tosú i bhFómhar 2025.

Cuirfidh Clár BusConnects seirbhísí bus iontaofa agus níos minice ar fáil ar 12 Scéim Chroí-Chonair Bhus ar fud na cathrach, lena n-áirítear 230 ciliméadar de chonairí bus agus 200 ciliméadar de lánaí rothaíochta a thógáil.

Spreagfar athrú dearfach ar ár sráideanna agus inár mbruachbhailte le BusConnects tríd an mbonneagar a thógáil atá ag teastáil ó Bhaile Átha Cliath chun amanna taistil a fheabhsú, áiseanna rothaíochta agus coisithe a fheabhsú agus áit níos fearr chun cónaí agus oibriú inti a dhéanamh as ár gcathair atá ag fás.

BUS CONNECTS DUBLIN
Your City, Better Connected

# Ghleann na Life go Lár na Cathrach




| **Scéim Ghleann na Life go Lár na Cathrach** | **Fad iomlán:** | 9.2 gciliméadar, ag ceangail Gleann na Life le croílár Bhaile Átha Cliath.<br>18.4 ciliméadar de Thosaíocht Bus (sa dá threo)<br>3.3 ciliméadar d'Áiseanna Rothaíochta (sa dá threo) |
|---|---|---|

**Stráicí an Phríomhbhealaigh:**

Cuirfear tús leis an scéim ag Bóthar Chnoc an Fhuaráin, ag nascadh le pointe aistrithe bus nua Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life. Leanfaidh an bealach, as sin, ó dheas i dtreo Bhóthar na Botha Fuaire, trí shráidbhaile Bhaile Formaid agus go Bóthar an tSáirséalaigh. Leanfar ar aghaidh leis an scéim ansin trí Chorrán Grattan, Bóthar Emmet, agus Sráid San Séamas sula sroichtear Sráid Thomáis agus an tSráid Ard. Ón tSráid Ard, déanfar nasc leis an gcóras tráchta atá ann cheana féin i lár na cathrach.

**Chun rochtain a fháil ar thuairisc iomlán an bhealaigh tabhair cuairt ar: www.liffeyvalleyscheme.ie**

## Cad atá ag tarlú anois!

Táimid ag leanúint de phleananna a thabhairt chun críche agus a n-ullmhú, sula gcuirtear tús leis an tógáil níos déanaí i mbliana. Mar chuid dár dtiomantas chun dul i dteagmháil le pobail áitiúla, táimid ag díriú air:

- Ár suíomh gréasáin nua, LiffeyValleyScheme.ie. Feidhmíonn sé mar ionad ilfhreastail le haghaidh na faisnéise tionscadail is déanaí, lena n-áirítear nuashonruithe rialta, cáipéisíocht agus Ceisteanna Coitianta. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn ach glaoch a chur orainn ar an **uimhir shaorghlao 1800 303 700**.
- Ár bhfoirne a chur chun feidhme chun cabhrú leat, lena n-áirítear nuashonruithe a sholáthar, freastail ar chruinnithe agus do cheisteanna a fhreagairt.
- Grúpaí rannpháirtíochta ceantair áitiúil a bhunú mar fhóram ina gcuimseofar ionadaithe ó chónaitheoirí, grúpaí gnó agus ionadaithe poiblí chun bualadh leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le conraitheoirí ar bhonn rialta chun saincheisteanna agus sceidil oibre atá ag teacht aníos a phlé chomh maith le comhoibriú ar thairbhí pobail.

Leis na tionscnaimh seo, léirítear ár dtiomantas leanúnach i dtaca le cumarsáid trédhearcach, a théann an dá thaobh agus le comhoibriú fiúntach leis na pobail atá ar an mbealach de réir mar a thosaíonn an tógáil.

## Tionchar na tógála a íoslaghdú

Tionchar na tógála a íoslaghdú

Déanfar na conairí a thógáil ar bhonn céimnithe chun tionchar agus cur isteach tráchta a laghdú.

Oibreoimid chun an tionchar ar chónaitheoirí agus ar phobail a íoslaghdú.

Chomh maith leis sin, cruthóimid deiseanna le haghaidh tuilleadh athbheochana uirbí a rachaidh chun tairbhe pobail i bhfad i ndiaidh don tógáil a thabhairt i gcrích agus a fhágfaidh oidhreacht le haghaidh an tionscadail.

Leanfaimid orainn ag dul i dteagmháil leis an bpobal áitiúil maidir le feabhsuithe sa chás inar féidir iad a dhéanamh, lena n-áirítear spásanna roinnte a fheabhsú agus limistéir ghlasa a leathnú.

## Ceisteanna maidir le Maoin

Má tá tú tar éis litir a fháil ón ÚNI maidir le hOrdú Ceannaigh Éigeantaigh (CPO) a bhaineann le do mhaoin ar feadh Ghleann na Life go Lár na Cathrach agus mura bhfuil freagra tugtha agat do bhall foirne BusConnects go fóill, is féidir leat é sin a dhéanamh trí ghlaoch a chur ar 1800 303 653 nó ríomhphost a sheoladh chugainn ag property@busconnects.ie chomh luath agus is féidir leat. Táimid anseo chun cabhrú leat a bheith ar an eolas maidir leis na chéad chéimeanna eile sa phróiseas agus chun thú a chur i dteagmháil leis na daoine cuí chun an CPO a chur i bhfeidhm.

# Buntáistí Scéim Ghleann na Life go Lár na Cathrach




## Turas níos tapúla agus níos iontaofa

Leis an tionscadal, tabharfar isteach 18.4 gciliméadar de lánaí tiomnaithe bus sa dá threo, agus soláthrófar seirbhísí bus níos tapúla agus níos iontaofa chun feabhas a chur ar do thuras feadh na Scéime seo.




## Méadú ar líon na bpaisinéirí

Meastar go dtiocfaidh méadú 58% ar úsáid busanna mar gheall ar sheirbhísí agus bonneagar feabhsaithe ar an turas. Laghdófar spleáchas ar charranna, agus tacófar le taisteal níos inbhuanaithe feadh an bhealaigh de thoradh na hoibre seo.




## Rochtain do chách a fheabhsú

Meastar go dtiocfaidh méadú 45% ar shiúlóid agus rothaíocht ar an scéim seo, de bharr bonneagair thiomnaithe rothaíochta agus áiseanna feabhsaithe do choisithe. Leis seo, déanfar turais laethúla níos sábháilte agus níos inrochtana do chách.




## Astaíochtaí a laghdú

Meastar go dtiocfaidh laghdú 53% ar úsáid na ngluaisteán feadh an bhealaigh, a mbeidh astaíochtaí níos ísle mar thoradh air, agus go mbeidh timpeallacht níos fearr ann do chónaitheoirí agus do chomaitéirí.




## Rothaíocht níos sábháilte

Cuirfear 13.3 ciliméadar d'áiseanna rothaíochta i bhfeidhm chun turais a dhéanamh níos sábháilte do rothaithe. Leis na háiseanna feabhsaithe seo, déanfar na sráideanna níos sábháilte agus cuideofar le feabhas a chur ar chaighdeán an aeir do chách.




## Déan teagmháil linn

Chun coinneáil cothrom le dáta faoin obair i do cheantar, téigh chuig [www.liffeyvalleyscheme.ie/sign-up/](www.liffeyvalleyscheme.ie/sign-up/) chun clárú le haghaidh nuashonraithe ar na tionscadail.

Le haghaidh ceisteanna eile, is féidir leat rochtain a fháil ar an suíomh gréasáin, teagmháil a dhéanamh linn ar ríomhphost nó tríd uimhir theileafóin thiomnaithe na Scéime.

**www.liffeyvalleyscheme.ie**

**liffeyvalleyscheme@busconnects.ie**

**Saorghlao: 1800 303 700**

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

An tÚdarás Náisiúnta Iompair,
Teach Mhargadh an Fhéir,
Margadh na Feirme,
Baile Átha Cliath 7, D07 CF98

National Transport Authority,
Haymarket House,
Smithfield,
Dublin 7, D07 CF98